**Immigration**

1. Bhí daonáireamh sa Bhreatain i 2011 agus foilsíodh na figiúirí anuraidh. Thug siad ardú meanman dóibh sin a cheapann gur rud dearfach í an imirce a dtugann daoine faoi **dá ndeoin féin.**
2. Nocht an staidreamh sin fíric shuntasach amháin, is é sin gur inimircigh iad 13% den daonra sa Bhreatain. Is méadú 4% é sin ar an sciar den daonra arbh inimircigh iad de réir an daonáirimh i 2001. I gcomhthéacs na staitisticí seo is inimirceach duine a bhfuil rún daingean aige fanacht sa Bhreatain ar feadh bliana ar a laghad.
3. Is dea-scéala iad na hathruithe sin má cheapaimid gur maith an rud í an imirce. Más luachmhar linn an éagsúlacht agus an ceart atá ag an duine a thír dhúchais a fhágáil, ní chuirfimid i gcoinne na himirce.
4. Má chreidimid go saibhrítear an tsochaí nuair a chuireann daoine ó thíortha is ó chultúir eile fúthu ann, gan trácht ar na buntáistí éagsúla a bhaineann imircigh as an taithí a fhaigheann siad i dtír nua, fearfaimid fáilte roimh thorthaí dhaonáireamh 2011.
5. Ach tá daoine sa Bhreatain nach bhfuil dúil acu san inimirce, go háirithe anois agus an cúlú eacnamaíoch ann. Amharcann siad ar na himircigh seo mar theifigh agus mar dhíthreabhaigh. Is amhlaidh go bhfuil sé beartaithe ag rialtas na Breataine a líon a laghdú go suntasach feasta.
6. I 2010 d’fhógair an Rúnaí Baile sa Bhreatain go mbeifí ag iarraidh ráta bliantúil na hinimirce a ísliú faoi dheich faoi 2015. Is dócha go gciallaíonn sin gur mhaith leis an mBreatain níos lú ná 100,000 inimirceach a ligean isteach in aghaidh na bliana ó 2015 ar aghaidh. Ní beartas é sin ach **sop in áit na scuaibe**, a deir an freasúra.
7. Ós rud é go mbeadh constaicí dlí ann maidir le srian a chur leis an gceart gluaiseachta ar fud an Aontais Eorpaigh atá ag saoránaigh de chuid an Aontais, caithfidh an Bhreatain díriú ar inimircigh ó thíortha lasmuigh den Aontas chun ráta na hinimirce a laghdú.
8. Is é an beart is mó a bhfuil aird na meán dírithe air ná iarrachtaí an rialtais chun inimirce theaghlaigh a laghdú. Bheadh bacainní á gcur roimh dhaoine sa Bhreatain, idir shaoránaigh agus inimircigh, a dteastaíonn uathu daoine muinteartha leo, nach as an Aontas Eorpach iad, a thabhairt chun cónaí sa Ríocht Aontaithe.
9. Caithfidh duine £18,600 a thuilleamh in aghaidh na bliana feasta sula mbeidh sé in ann **sonuachar** nó páirtí lasmuigh den Aontas Eorpach a thabhairt go dtí an Bhreatain. Is cinnte **nach aon ribín réidh é sin.**
10. Ar ndóigh, is iad na daoine bochta is mó a bheidh thíos leis na hathruithe seo, is é sin mná agus mionlaigh eitneacha. Áirítear go bhfuil beagnach caoga faoin gcéad de lucht saothair na Breataine nach gcomhlíonann an riachtanas airgid seo.
11. Pobal inimirceach eile a bhfuiltear ag díriú orthu is ea na mic léinn idirnáisiúnta. Dar leis an rialtas go dtagann na mílte chun na tíre arna gclárú mar mhic léinn ach ní chun staidéar a dhéanamh. D’fhonn deireadh a chur le caimiléireacht den sórt seo, teastaíonn ón Aire córas nua a thabhairt isteach ina gcuirfí daoine faoi agallamh i gcomhair víosa mic léinn.
12. Ós rud é gurb iad na Stáit Aonaithe agus an Bhreatain an dá cheann scríbe is mó a bhfuil tóir orthu ag na mic léinn idirnáisiúnta is tionscal é seo a bhfuil an-tábhacht ag baint leis ó thaobh an gheilleagair de.

13. Níor mhiste aird a thabhairt mar sin ar thuairisc a d'eisigh Teach na dTiarnaí i Londain. Maíodh go raibh gníomhartha an rialtais ag tabhairt le tuiscint nach bhfuil fáilte roimh mhic léinn idirnáisiúnta sa Bhreatain agus nach ndéanfaidh siad ach **an lasóg a chur sa bharrach.**

14. Ag féachaint do na laghduithe inimirce, b'fhéidir gur cúis imní iad uimhreacha an daonáirimh a bhaineann le heachtrannaigh sa Ríocht Aontaithe. **Tabharfaidh siad lón lámhaigh don lucht frithimirce**, dóibh sin a mheasann go bhfuil an iomarca imirceach sa Bhreatain agus atá **i bhfách le** breis srianta den sórt atá á gcur i bhfeidhm le cúpla bliain anuas.

15. Sa bhliain dar críoch Márta 2012, bhí glansreabhadh 183,000 imirceach go dtí an Ríocht Aontaithe, titim shuntasach ón 242,000 sa bhliain roimhe sin. Ach is léir ó shracfhéachaint ar an stair gurb é an toradh a bhíonn ar shrianta imirce go minic nach laghdaítear ar an ráta inimirce ach méadaítear ar líon na n-inimirceach a bhíonn ag maireachtáil lasmuigh den dlí.

16. Áirítear go bhfuil suas le 900,000 inimirceach sa Bhreatain in aghaidh an dlí faoi láthair. Seans gur mó i bhfad an líon sin nuair a bheidh spriocanna imirce an rialtais curtha i gcrích. Agus níl an eadóirseacht féin de dhíth orthu, ach deis oibre, agus sin amháin.

Source: 'The Irish Times', access date 4 January 2013

**1.** Cad é an bunsmaoineamh atá sa téacs?

A. Doicheall na Breataine leis na hinimircigh ón Aontas Eorpach

B. Is sliocht faoi chúrsaí imirce sa Bhreatain atá ann

C. Plean chun fáilte a chur roimh na himircigh

D. Tá an Bhreatain faoi bhagairt ag an inimirce

**2.** I bparagraf 1 cad is ciall le 'dá ndeoin féin'?

A. Go n-imíonn siad faoi bhrú

B. Nach n-imíonn siad go fonnmhar

C. Go n-imíonn siad go drogallach

D. Go n-imíonn siad toisc gur toil leo é

**3.** I bparagraf 3-4, cad chuige a gceapfadh duine go bhfuil an inimirce le moladh?

A. Ba cheart do chách bheith tugtha don taisteal

B. B'fhearrde an domhan an tsaoirse a bheith ag daoine dul chun cónaí i dtíortha eile

C. Is féidir le himircigh buntáistí sóisialta a ghnóthú dóibh féin

D. Tá an saol ag athrú an iomad

**4.** I bparagraf 6, cad é an cineál meoin atá laistiar den abairtín 'sop in áit na scuaibe'?

A. meon moltach

B. meon fuarchúiseach

C. meon diúltach

D. meon dearfach

**5.** I bparagraf 8, cé hiad na daoine atá le coimeád amach?

A. Saoránaigh de chuid na Breataine nach den Aontas Eorpach ó dhúchas iad

B. Saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh

C. Daoine muinteartha leis na hinimircigh agus le saoránaigh de chuid na Breataine sa chás go bhfuil cónaí ar na daoine muinteartha sin san Aontas Eorpach

D. Daoine muinteartha leis na hinimircigh agus le saoránaigh de chuid na Breataine sa chás nach bhfuil cónaí ar na daoine muinteartha sin san Aontas Eorpach

**6.** I bparagraf 9, cad is ciall leis an bhfocal 'sonuachar'?

A. An té a mbeadh an t-imirceach pósta leis nó léi de réir a chultúir nó a reiligiúin féin

B. An trealamh is nua-aoisí i réimse oibre faoi leith

C. An mhaoin agus an mhaith a thabharfadh duine leis chuig an iasacht

D. Duine de lucht aitheantais an imircigh atá ag obair i bpáirt leis i saol na hoibre

**7.** I bparagraf 9, cad a chiallaíonn ‘nach aon ribín réidh é’?

A. Is dúshlán é atá soláimhsithe

B. Is dúshlán é is deacair a shárú

C. Ní raibh siad ag súil lena leithéid de dhúshlán

D. Ní raibh dúshlán mar sin le sárú acu riamh roimhe

**8.** I bparagraf 11, cad chuige a gcuirfí mic léinn faoi agallamh?

A. Chun a fháil amach an bhfuil suim acu dáiríre sa staidéar

B. Chun a fháil amach an raibh siad sa Bhreatain cheana

C. Chun a fháil amach an bhfuil gaolta acu sa Bhreatain

D. Chun a fháil amach cén éirim aigne atá iontu

**9.** I bparagraf 13, cad é an chiall mheafarach atá le ‘an lasóg a chur sa bharrach’?

A. Olc a chur ar an gcuideachta

B. Comhrá a thosú

C. Scliúchas nó iaróg a thógáil

D. Deireadh a chur le comhrá

**10.** I bparagraf 14, cé acu díobh seo a leanas is ciall leis an leagan ‘Tabharfaidh siad lón lámhaigh don lucht frithimirce’?

A. Go mbeidh imní athuair orthu sin atá i gcoinne na himirce

B. Go dtabharfar sólás dóibh sin atá ar son na himirce

C. Go gcuirfear áthas orthu sin atá i gcoinne na himirce

D. Go mbeidh argóintí nua acu sin atá i gcoinne na himirce

**11.** I bparagraf 14, cad is ciall le ‘i bhfách le’?

A. ar son

B. ar nós cuma liom faoi

C. naimhdeach le

D. i gcomparáid le

**12.** I bparagraf 15, san abairt dar tús 'Ach is léir …', cé acu díobh seo a leanas atá an t-údar a mhaíomh?

A. Nach gcuireann srianta ar an imirce méadú ar líon na n-imirceach riamh

B. Nach gcuireann srianta ar an imirce bac ar bith ar líon na n-imirceach

C. Gur minic a chuireann srianta ar an imirce méadú ar líon na n-imirceach a thagann isteach sa tír go mídhleathach

D. Go gcuireann srianta ar an imirce méadú ar líon na n-imirceach

ANSWER KEY

1. B
2. D
3. B
4. C
5. D
6. A
7. B
8. A
9. C
10. D
11. A
12. C